# Siopadóireacht na Nollag

Tá sé de nós againne dul go Trá Lí chun siopadóireacht na Nollag a dhéanamh coicís nó mar sin roimh Nollaig gach bliain. Is breá liom féin an lá so i gcónaí.

Gan dabht, is sa Daingean, sna siopaí éagsúla agus san ollmhargadh, a cheannaíonn mam an bia ar fad i gcomhair na Nollag. Lón na Nollag a thugann ana-chuid daoine air seo.

Ar an Satharn, an t-ochtú lá de Mhí na Nollag a chuamar go Trá Lí anuraidh. Bhí sceitimíní áthais orm féin agus ar Thomás, mo dheartháir, an lá san agus sinn ar a' mbóthar go Trá Lí. B'fhada linn go bhfeicfimís an radharc taibheach Nollag a bhí ag fanacht linn.

Shroiseamar ceann scríbe ar deireadh agus fuaireamar áit pháirceála. Chuasa agus mam le chéile agus d'imigh Tomás le daid.

B'álainn mar a bhí na siopaí maisithe i gcomhair na Nollag. Bhí soilse ildaite ar crochadh i ngach aon áit agus maisiúcháin de gach saghas sna fuinneoga. Bhí crann Nollag i ngach aon tsiopa chomh maith agus gan dabht an mainséar le feiscint sa bhfuinneoig.

Ar na siopaí éadaigh a thugas féin is mam ár n-aghaidh ar dtúis. Theastaigh ó mham éadaí deasa a cheannach di féin agus domsa don Nollaig. Gan dabht, ní cheannaíomar an chéad rud a chonaiceamar. Thóg sé tamall maith sinn a shásamh agus ní ar shiopa amháin a bhíomar a' braith.

Gúna de chuid "Laura Ashley" a theastaigh uaim féin, ach, dar ndoigh nílid san le fáil ach i gCorcaigh agus i mBaile Atha Cliath.

"Tá a fhios agam cad a dhéanfaimíd," arsa mise le mam. "Raghaimíd go siopa athláimhe. Tá ceann ar a nglaotar Shindig anso."

Nach linn a bhí an t-ádh. Ansúd ar raca na ngúnaí, bhí an gúna a bhí uaim. Dath dearg a bhí air agus cló dubh de bhláthanna agus bóna bán de lása air. D'oir sé go breá mé agus cheannaíomar é. Bhíos lán tsásta liom féin. Bhí riteoga troma dubha ceannaithe cheanna féin agam agus ní raibh uaim anois ach na bróga. Fuaireamar iad so i siopa bróg ar an sráid chéanna. Docs dubha a bhí uaim agus sin a cheannaíos.



Cheannaigh mam gach a raibh uaithi do Thomás i Siopa Dunnes. Bríste géine cloch-nite, léine bhreac leis na dathanna dearg agus dubhghorm, t-léine bhán agus seaicéad Denim a fuair sí dó. Bhí Tomás gléasta anois mar bhí bróga reatha leathair agus cúpla péire stocaí ceannaithe aice dhó roimis sin.

"Anois," arsa mam, "caithfead rud éigin a dh'fháilt dom féin."

Bhuel! Bhíomar traochta go maith sar a raibh mam sásta. Ba dhóbair go dtitfinn i bhfanntais leis an saothar a bhí orainn a' dul ó shiopa go siopa.

Cheannaigh sí sciorta dubh olna a tháinig go glúine uirthi agus dúirt sí go bhféach sí tanaí ann. Ní dhéan ach dúrtsa lei go ndéan. I siopa eile cheannaigh sí cáirdeagan trom cniotálta agus dathanna meascaithe dubh agus corcra air. Chun dul leis seo fuair sí blús corcra síoda agus d'fhéach sé go hálainn uirthi. Ansan cheannaigh sí riteoga dubha agus péire bróg svaeide le sála árda orthu. Ligeamar osna fhada thuirsiúil asainn ansan. Bhí mam agus mé

féin agus Tomás gléasta do Lá Nollag.

Bhí sé in am anois lón a bheith againn agus nach é a bhí uainn go géar. Bhuaileamar le daid agus Tomás a bhí a' fanacht go mífhoighneach linn lasmuigh den mbialann. Chuamar isteach agus bhí béile breá againn.

Bhí an lá saghas dorcha agus bhí na soilse Nollag sa tsráid lasta. Nach iad a dh'fhéach go haoibhinn. Na mílte de shoilse ildaite crochta ó thaobh taobh na sráide agus crann mór Nollag lasta leis na soilse céanna i lár na sráide. Bhí dream leanaí ar thaobh na sráide agus amhráin Nollag á gcanadh acu. Chuirfeadh sé radharc as cárta Nollag i gcuimhne dhuit.

Ach bhí a thuilleadh rudaí le ceannach againn. Thugamar cuairt ar shiopa an phúint agus fuaireamar a raibh uainn de bhronntanaisí ansan dár ngaolta agus dár gcáirde. Cheannaíos féin cártaí Nollag, dialann, cumhrán agus rudaí eile mar sin dom' cháirde. Bhí Tomás agus daid linn anois agus fuaireadar san bronntanaisí sa tsiopa so chomh miath.

Bhíomar sásta anois taréis gach bronntanas a bhí uainn a cheannach. Ach ní i siopa an phúint a cheannaíomar iad ar fad, dar ndoigh.

"Tá sé in am baile," arsa daid linn. Nach sinn a bhí sásta ar a' mbóthar abhaile taréis an lae. Theastaigh ó Thomás a chuid bronntanas a dh'fheiscint ar a' mbóthar abhaile ach ní ligfimís do.

"Cífir fén gcrann Lá Nollag iad," a dúramar leis.

## Ceisteanna

1. Cad í an fhéile a bhíonn ann ar 8 Nollaig?
2. Cad é lón na Nollag?
3. Cad iad na maisiúcháin a bhí sna siopaí?
4. Cad a bhí mam a' ceannach i dTrá Lí?
5. Cad iad na héadaí a cheannaigh Máire?
6. Conas a bhí mam gléasta sa tsiopa éadaigh?
7. Cad a cheannaigh mam do Thomás?
8. Cad a chonaiceadar sa tsráid?
9. Cad a theastaigh ó Thomás a dhéanamh ar a' mbóthar abhaile?
10. Cá bhfaigheann daoine a mbronntanaisí Lá Nollag?

## Obair le Déanamh

Aiste: Mise agus mam (nó daid) ag siopadóireach don Nollaig.

### Seanfhocail

Seacht seachtaine ramhra ó Shamhain go Nollaig.

---

Bia is deoch i gcomhair na Nollag, éadach nua i gcomhair na Cásca.

---

Nollaig na bhFear, Nollaig mhór mhaith,
Nollaig na mBan, Nollaig a mheath (nó gan mhaith)

# Scéal Nollag ón Rúis

Oíche Nollag a bhí ann. I mbaile beag sa Rúis, bhí seanaghréasaí a' siúl na sráide go huaigneach. Bhí soilse ar lasadh sna siopaí agus sna tithe.

Bhí an seanaghréasaí leis féin an Nollaig seo, mar fuair a bhean bás i rith na bliana agus bhí a chlann imithe.

Shroich sé a thigh féin agus isteach leis go mall. Rug sé ar a' mbíobla agus shuigh sé 'na chathaoir mhór. Léigh sé arís i dtaobh Mhuire agus Seosamh agus iad ar a dturas go Beithil agus i dtaobh bhreith Íosa sa stábla.



"Bhuel! Bhuel!" arsa sé, "dá dtiocfaidís chugamsa, thabharfainn mo leaba féin dóibh agus chuirfinn blaincéad beag deas timpeall ar an leanbh."

D'éirigh sé agus thóg sé anuas péire beag bróg den seilf.

"Seo iad na bróigíní is deise a dhéanas riamh," a dúirt sé. "Bheadh áthas orm iad a thabhairt dó."

Rug an seanaghréasaí ar an mbíobla arís agus bhí sé a' léamh leis go dtí go dtit a chodladh air. Thosnaigh sé a' taidhreamh.

Bhí duine sa tseomra 'na theannta. D'fhéach an seanaghréasaí air. Íosa a bhí ann. Labhair sé go grámhar leis an seanfhear.

"Ba mhaith leat mé a d'fheiscint, a dhuine chóir. Bhuel, cífir amárach mé."

Dhúisigh an gréasaí go hobann. Chonaic sé solas a' lae isteach tríd a' bhfuinneoig.

"Tá sé 'na mhaidin," a dúirt sé leis féin, "agus inniu Lá Nollag."

Ansan chuimhnigh sé ar an dtaidhreamh a bhí aige. Líon a chroí le háthas.

"Cífead Íosa inniu," a dúirt sé.

Dhéan an seanaghréasaí pota caife dó féin. Chuaigh sé go dtí an ndoras agus chonaic sé fear a' scuabadh na sráide.

"Tar isteach, "a dúirt an gréasaí, " agus ól muga caife. Tá an mhaidin ana-fhuar.

Bhí an fear ana-bhuíoch don ngréasaí agus d'ól sé siar an caife.

"Nollaig shona dhuit a ghréasaí," arsa 'n fear. "Dhéan sé sin ana-mhaitheas dom."

Chuaigh an gréasaí go dtí an ndoras arís, féachaint an raibh Íosa a' teacht, ach ní raibh. Dhéan sé pota anbhruith don ndinnéar. Taréis tamaill chuaigh sé go dtí an ndoras arís. Ní raibh aon duine amuigh ach bean óg agus leanbh 'na baclainn aici. Ba léir go raibh sí fuar agus traochta.

"Tar isteach," a dúirt an gréasaí, "agus suigh cois na tine agus lig do scíth."

Thug sé muga breá arbhruith don mbean agus bainne te don leanbh. Chonaic sé go raibh cosa an linbh gorm leis a' bhfuacht. Chuimhnigh sé ar na bróigíní beaga a dhéan sé féin. Thóg sé anuas don seilf iad.

"Cuir iad so ar do chailín beag," arsa sé leis a' mbean.

Bhí an bhean ana-bhuíoch dó.

"Go dtuga Dia Nollaigh mhaith dhuit, a ghréasaí," arsa sí. "Dhéanais ana-mhaitheas dom féin agus dom' chailín beag."

Ansan d'imigh sí lei.

Bhí imní ar an ngréasaí fén am so mar ná raibh Íosa a' teacht. D'fhéach sé amach arís. Bhí ana-chuid daoine ar an sráid. Tháinig daoine bochta go dtí an ndoras agus thug an gréasaí anbhruith te dhóibh agus canta mór 'ráin. Thit an oíche agus ba bhrónach é croí an ghréasaí. Dhún sé an doras agus shuigh sé in aice na tine.

"N' fhaca Íosa ," a dúirt sé leis féin go brónach. "A' taidhreamh a bhíos, is dócha."

Ach go hobann thuig sé go raibh daoine eile sa tseomra 'na theannta. Ní 'na chodladh a bhí sé 'nois, ach 'na dhúiseacht. Ní a' taidhreamh a bhí sé! Chonaic sé arís an fear a bhí a' scuabadh na sráide, an bhean óg agus a leanbh agus na daoine bochta.

"Ná facaís mise inniu?" a dúirt gach duine acu leis.

"Cé sibh féin? Cé sibh féin?" arsa sé le hiontas.

D'fheagair glór eile é — an glór a chuala sé sa taidhreamh, glór Íosa .

D'fheagair glór eile é — an glór a chuala sé sa taidhreamh, glór Íosa .

"Bhí tart orm agus thugais deoch dom. Bhí ocras orm agus thugais bia dom. Bhíos cosnochtaithe agus chuiris bróga orm. Bhíos fuar agus ligis dom suí cois na tine. Dhéanais na rudaí san ar fad domsa inniu."

Thit ciúineas ar an áit ansan. Líon croí an ghréasaí le háthas agus le haoibhneas.

"Tháinig Íosa mar sin féin," arsa sé. "Buíochas le Rí na Glóire go bhfaca é."



## Ceisteanna

1. Cad a thárla an chéad Oíche Nollag?

2. Cad a dhéanann gréasaí?

3. Cad 'na thaobh go raibh an gréasaí leis féin?

4. Fear naofa ab ea an gréasaí. Cá bhfios duit?

5. Cad é an tír 'na bhfuil Beithil?

6. Cad é an taidhreamh a bhí ag an ngréasaí?

7. Cad a bhí an chéad fhear a chonaic an gréasaí ar an sráid a' déanamh?

8. Cad a thug an gréasaí don mbean óg agus don leanbh le n-ól.

9. Cé bhí sa tseomra 'na theannta nuair a shuigh sé in aice na tine an oíche sin?

10. Conas a bhí a fhios ag an ngréasaí go dtáinig Íosa ?


## Obair le déanamh
### "In aice na tine"

Cuir isteach an fhoirm cheart díobh so in ionad **na tine**

Baininscneach (an leaba; an abha; an tráigh; an fharraige; an fhuinneog).

Firinscneach (an tigh; an doras; an claí; an bórd; an solas; an falla).

# Nollaig Jimín Mháire Thaidhg



Oíche Nollag bhí ana-shaol againn. Fuaireas féin agus Cáit dhá thornap mhóra agus bhaineamar a leath díobh. Ansan chuireamar poll síos iontu chun na coinnle a chur 'na seasamh iontu. Shámar craobhacha beaga cuilinn i ngach tornap acu agus chuir Cáit páipéar timpeall orthu. Bhíodar go gleoite, a dhuine agus lasamar iad sara dtáinig an oíche in ao'chor; ach mhúch mam arís iad.

Nuair a bhí athair Mhicilín ag dul thar doras thug mam isteach é agus thug sí braon as buidéal dó — buidéal go raibh trí réiltin air. Thug sí braon beag do Dhaid agus fuair sí féin braon as buidéal eile. Dúradar ar fad, "go mbeirimíd beo ar a' dtráth so arís," pé brí a bhí acu leis.

Tháinig Beit Mhór agus Máire Aindí isteach. Chuir mo mháthair braon as a' mbuidéal buí i dhá ghloine. Ansan chuir sí siúcra agus uisce fiuchta iontu agus chorraigh le spiúnóig iad.

Cheapas ná hólfaidís siúd in ao'chor ar dtúis é. Dhúirt Máire Aindi, "Ó! go maraí sé mé má bhlaisim aon bhraon de!" Ach mar sin féin, d'ól sí é go léir agus ní mharaigh sé leis í.

Tháinig a lán eile isteach i rith na hóiche — fir óga agus is as a' gcrúsca a thug mam an deoch dóibh san.

Dar fia! a mhic ó! Nuair a chonac féin iad go léir ag ól tháinig dúil mhallaithe agam féin ann. Nuair a chuaigh Daid amach le hathair Mhicilín, agus bhí mam ag caint leis na mná in aice na tine, thógas féin slog as a' gcrúsca, a dhuine.

Ach is láidir nár mharaigh sé mé leis a' mblas a bhí air. Ní fhéadfainn é a scaoileadh siar agus bheadh eagla orm é a chaitheamh amach as mo bhéal ar an úrlár. Seo liom a' baint an dorais amach agus mo bhéal lán. Chonaic mo mháthair a' dul amach mé.

"Ca' il tú a' dul?" ar sise.

Ach am briathar ná dúrt aon fhocal ach an doras a dh'oscailt agus cur díom. Lean sí amach mé agus chonaic sí a' casachtaigh agus a' glanadh mo bhéil mé.

"Há, há" ar sise. "A alfraits, ní dhéanfainn dabht díot. Nach fiosrach a bhís!"

Ba ghránna an saghas ruda é.

**Oíche Nollag**

Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha;
Tá fiacail an tseaca sa ghaoth ón gcnoc.
Adaigh an tine is téir chun na leapan
Luífidh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

Fágaigí an doras ar leathadh 'na coinne,
An Mhaighdean a thiocfaidh is a naí ar a hucht.
Deonaigh do shuaimhneas a ligint a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dtigh sin na haíochta,
Cóiriú gan chaoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olna, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

— *Máire Mhac a' tSaoí.*

# Peig In Aimsir Don Nollaig

Ar an Máirt a bhí Oíche na Nollag, is bhí gach aon duine go cúramach ag ullmhú féna chomhair. Bhuail Seáinín isteach agus beart eidhneáin agus cuilinn aige.

"Cabhraigh liom, a Mháiréad," ar seisean," go ndaingneoimíd é seo ar a' bhfuinneoig."

"Níl aon eolas agamsa air, mar ní fhaca riamh é," arsa mise.

"Cífir anois é, a chailín. Nuair a bheidh sé socair beidh sé ana-dheas."


Bhíos féin ag féachaint ar na leanaí agus á dtabhairt fé ndeara is mé ag ól mo chuid tae. Rith smaointe isteach im' aigne; ar mo mháthair bhocht a smaoiníos san am san. Bhí fhios agam conas mar bhí an oíche aici 'na hainniseoir dorcha uaigneach gan sólás gan suailceas, mar is mise an t-aon sólás amháin a bhí aici ar an saol so. Bhíos i bhfad uaithi anois, agus níorbh fhéidir liom aon tógaint chroí ná meidhir a chur uirthi. Tháinig na deora lem' shúile dá mhéid compórd a bhí timpeall orm.

"Ó tá uaigneas ar Mháiréad," arsa Seáinín.

Tháinig se chugam anall ón dtaobh eile den mbórd agus thosnaigh sé ar bheith ag bladaireacht liom, is ag baint an uaignis díom.

—*Sliocht as an leabhar* Peig, *le Peig Sayers.*

## Lá Nollag san Astráil



An Nollaig i lár an tsamhraidh! Dinnéar na Nollag á dh'ithe ar a' dtráigh nó in áit éigin amuigh fén spéir! Ráiméis!

Ach is amhlaidh a bhíonn an scéal san Astráil. Tá an tír mhór san sa leath eile den ndomhan. Dá bhrí sin, bíonn an samhradh acu nuair a bhíonn an geimhreadh againne. Bíonn Lá Nollag acu i lár an tsamhraidh mar sin.

Is breá le muintir na hAstráile lá a chaitheamh amuigh fén spéir gach aon tseans a gheibheann siad. Tá tránna breátha timpeall ar an gcósta acu agus táid ana-thugtha don snámh. Dár leo níl slí is fearr chun Lá Nollag a chaitheamh ná dul ar a' dtráigh. Is mar sin a chaitheann an chlann Lá Nollag, 'na luí bolg le gréin ar a' dtráigh.

Maidir linne anso in Éirinn is gnáthach linn an Nollaig a chaitheamh laistigh, mar ní oireann an aimsir don bpícnic ná don spórt lasmuigh. Soilse geala ar lasadh, an líon tí bailithe timpeall ar thine mhór, spórt agus caitheamh aimsire ar siúl — sin é an pictiúir a chuireann an Nollaig 'nár gceann.

Is mór idir Nollaig na hÉireann agus Nollaig na hAstráile. Cé acu den dá Nollaig ba rogha leatsa?

### Ceisteanna

1. Cad 'na thaobh go mbíonn sé 'na shamhradh um Nollaig san Astráil?
2. Conas a chaitheann muintir na hAstráile Lá Nollag?
3. An mó cúige san Astráil? Ainmnigh iad.
4. Cad tugtar ar dhaoine dúchasacha na hAstráile?
5. Cad a thugaimíd ar fhoireann rugbaí na hAstráile?

### Obair le déanamh

**I lár an tsamhraidh**

In ionad an tsamhraidh cuir isteach an fhoirm cheart díobh so:

(an oíche; an lá; an cluiche; an clár; an dráma; an bhliain; an téarma; an bóthar; an tír; an scéal).

## Oíche Nollag ar a' mBlascaod Mór

Oíche Nollag agus sinne 'nár leanaí, chuirimís ár stoca sa chroich. Deirtí linn go dtiocfadh Saintí anuas an simné agus gurb shin í an chúis go nglantaí an simné roim Nollaig, chun ná raghadh an súich ar Shaintí nuair a bheadh sé a' teacht anuas an simné, agus mála mór bronntanaisí thiar ar a dhrom aige agus é taréis teacht ón Mol Thuaidh.

B'ait linne conas a thiocfadh sé trasna na farraige ó Dhún Chaoin, oíche dhorcha, ghaofar, stoirmiúil. Deirtí linn go raibh cóiste mór aige go raibh sciatháin mhóra air, sciatháin ar chuma a bhíodh ar na haingil agus ar na héanlaithe a thabharfadh trasna na farraige san aer é ó Dhún Chaoin go dtí an t-oileán.

Bhainimís ana-shásamh as a' Nollaig agus b'fhada linn go dtiocfadh Oíche Nollag agus Saintí agus cad a chuirfeadh sé 'nár stoca. Deirimís gur bhreá linn é a dh'fheiscint.

Is cuimhin liom Nollaig, bhí gearrchaile beag éirithe leis an amhdhoircheart maidin Lae Nollag ag teacht a' triall ar a stoca sa chroich. Bhí sceitimíní áthais uirthi. Thóg sí a stoca ón gcroich; ar a linn sin, déanadh glór beag íseal ag cúinne an drosair.

D'fhéach sí de gheit agus cad a chífeadh sí 'na steillebheathaidh ach Saintí, dar lei. Bhí mothall de ghruaig bhán liath is meigeall mór fada bán air. Níor fhéach sí arís air ach cur di sna cosa go tapaidh go dtí an seomra codlata. Thit an stoca uaithe sa rás di leis an anbhá agus leis an líonrith a tháinig uirthi. Bhí sí ag pusaíl ghoil fén dtráth so, go mórmhór toisc go raibh an stoca caillte aici.


Ghlaoigh Saintí 'na diaidh agus dúirt:
"Ná bíodh aon eagla ort a ghearrchaile bhig,
is mise Saintí bán."

Ansan rith sé suas 'on tseomra chuici agus chaith de an craiceann caorach agus bhí an olann a bhí ar an gcraiceann chomh geal le sneachta.

"Ná bí a' gol," ar seisean. "Mise atá ann agus dhéanas cleas ort, mar deirteá gur bhreá leat Saintí a dh'fheiscint."

Bhí an stoca 'na láimh aige. Cé a bhí ann ach a deartháir agus an craiceann bán caorach a bhí casta ar a cheann aige 'na láimh. Cheap sí gurb é meigeall Saintí é agus gruaig liath Shaintí. Thosnaigh sí a' gáirí ansan.

— *Sliocht as an Leabhar* Bean an Oileáin, *le Máire Ní Ghuithín.*



# An Dreoilín 1929

Bhuaileamar le chéile timpeall a haondéag i ndiaidh an Aifrinn, Lá Nollag. Bhí ceathrar nó cúigear déag againn ann i dTigh Neaic, tigh an damhais. Buachaillí ar fad a bhí ann.

Bhí an láir bhán déanta le seachtain roimis sin againn, agus an dreoilín fachta againn leis. Goidte ó bhean éigin ón líne a bhí an braillín don láir bhán. Is fuirist teacht ar an ndreoilín bocht, mar ná léimeann sé in ao' chor ach dul isteach i sceach nó i bpoll sa phort. In áirde ar shlat a bhí an dreoilín againn.

Is ag Kruger a bhí an bheidhlín agus ag Maidhc a' Phápa a bhí an mileoidean. Scaoileamar fé ansan, siar 'on Chom agus ansan timpeall Chinn Sléibhe, na Fánta, Cill Mhic a' Domhnaigh, an dá Bhaile an tSléibhe agus Baile a' Chóta. Ní chuamar in ao' chor isteach go Cill Dhorcha mar go raibh garsún de Mhuintir Shé fé chlár.

Chuamar go tigh na Hórach i mBaile a' Chóta. Máire Ní Chatháin ó Bhaile an Ghleanna, deirfiúr do Mhaidhc Ó Catháin a bhí pósta le Séamus de hÓra ann. Thárla go raibh an choróin á rá acu. Mar sin chuamar isteach is chuamar ar ár nglúine agus d'fhanamar mar sin go dtí go raibh an choróin ráite acu.

Seo mar a bhí ag Kruger:

"Sé seo mo dhreoilín a fuaireas i nDuibhneach,
Fé bhrat cloiche is fé ribíní síoda.
Éirigh id' shuí a bhean a' tí is tabhair dúinn airgead nó deoch,
Nó caithfead mo dhreoilín imeasc do chos."

Dá sínfí rud éigin chuige ansan déarfadh sé:

"Tugaim daoibh mo bheannacht."

Timpeall a dódhéag nó a haon ar maidin a

d'fhilleamar ar Dhún Chaoin, ach má sea, ní abhaile a chuamar ach thar n-ais go Tigh Neaic. Bhí a fhios againn go maith dá raghaimís abhaile ná raibh aon tseans go n-éireoimís ar maidin. Dhéanamar codladh beag éigin, cuid againn suite sna cathaoireacha agus cuid eile againn sínte ar a' mbórd agus cuid againn 'nár gcnaip ar an úrlár.

Mar sin a chaitheamar an oíche ach le gealadh an lae bhíomar ar a' mbóthar arís. Bhí an paróiste déanta againn ón lá roimis, mar sin thugamar fén gClasach suas is an Tobar amach go dtís na Márthaintí ó thuaidh, Baile Bhaoithín, Baile an Fhíonaigh, suas na Leataithe, Leathaoibh Beag is Leathaoibh Mór agus Imeall Fheá.

Nuair a thángamar go Tigh Thaidhg Ghuithín i mBaile an Fhíonaigh bhi dream eile ó Leathaoibh díreach tagaithe leis. Dúirt Tadhg go dtabharfadh sé an geall don rinceoir ab fhearr ar an dá dhream.

Sé Mathúna ó Leathaoibh a chuaigh in áirde ar a' gcairt asail ar dtús agus a dhream féin a choimeád an chairt dó. Chuas féin in áirde ansan agus sé Babú, deartháir Eoghain Mhóir, a choimeád an chairt dom. Ach ní thabharfadh Maidhc a' Phápa aon



*An Dreoilín i gClochán Bhréanainn*

iontaoibh as ná go scaoilfeadh sé an chairt ar a' dtalamh agus mar sin choimeád sé féin í.

'Sé Tadhg féin a bhí mar mholtóir. Nuair a bhí deireadh déanta labhair Tadhg.

"Ní ón áit seo in ao' chor thú," ar seisean liomsa, "ach tá an geall buaite agat."

Thug sé sin ana-mhisneach dúinn. Cúpla scilling a bhí sa gheall ach airgead mór ab ea é an uair sin. Leath-réal, tiostún nó réal a gheibhimís ins an gcuid is mó des na tithe, is bheimís breá sásta.

Chuamar isteach go Tigh Mhicín, Tigh Shúilleabháin in Imeall Fheá agus fuaireamar ceithre scilling ann. Bhí seana-phílear ann agus bhí sé go fial linn.

Dhéanamar na bailte sin ar fad agus ansan siar ar a' mBuailtín linn. Dhéanamar na tithe tabhairne ar fad agus ansan trasna na ngort linn go dtí Ard na Caithne. Bhí Joan Sheosaimh, áintín Kruger ag maireachtaint ann agus dhéan sí tae do gach aon duine againn.

Trasna na trá linn ansan is an tSrúill a chur dínn go dtángamar go dtís na Gorta Dubha. Dhéanamar an baile ar fad. Bhí cailíní ar a' mbaile go dteastaigh uathu dul go dtí an Tint, sé sin Tigh Sheáin a' Tae, mar go raibh oíche le bheith ann agus theastaigh uathu go dtabharfaimís ann iad. Chuamar leo, ach theastaigh ó chuid des na buachaillí iad a stracadh as a chéile ach ní ligfeadh an chuid eile againn dóibh. Mar sin do bhriseamar suas, is chuaigh an chuid eile abhaile.

Má sea chuamarna go dtí an rínce agus d'fhanamar ann go dtí a dó nó a trí ar maidin, is bhí sé déanach go maith sar a mbaineamar ár dtithe amach, gach éinne againn tugtha amach. Bhí mo chosa ceangailte sna bróga agam mar gur bróga éadroma a bhí orm chun rínce. Ní iompraíos an láir bhán riamh.

Tamall 'na dhiaidh san a bhí an "Ball Night" againn, thiar sa Chom i dTigh an Chriomhthanaigh. Thugamar cuireadh don sagart ach, ní tháinig sé agus b'shin mar ab fhear. — Cúntas ó Shéamus Touhy Ó Ciobháin, Gleann Loic.

## Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm eile atá ar Lá an Dreoilín?

2. Bhí duine fé chlár. Cad a bhí sa tigh mar sin?

3. Tugtar ainm eile ar a' gcoróin. Cad é?

4. Conas a chaith na dreoilíní Oíche Lae Nollag?

5. Cad é an Clasach?

6. Bhí geall idir na rínceoirí. Cad é sin?

7. Scríobh in airgead an lae inniu: scilling; réal; leath-réal; tiostún; leath-thiostún; dhá thiostún; coróin; leathchoróin; giní.

8. Scríobh ainmneacha na mbailte fearainn id' cheantar scoile féin.

9. Bhí "Ball Night" ag an ndreoilín. Cad é sin?

10. Cad é ainm a' leabhair atá scríofa i dtaobh Dreoilín a' Daingin?

**Nótaí**

Tigh Neaic: Leasainm ar athair Kruger ab ea Neaic.
An Tent, Tigh Sheáin a' Tae: Tigh Eibhlín i mBéal Bán.
Cill Dhorcha: Naomh ab ea Dorcha. Cill Uru a deirtear.
Imeall Fheá: An crann feá atá i gceist anso.
Baile an Fhíonaigh: Ón ainm fíonach (bataí tirime).
Bhaile Bhaoithín — Baoithín: ainm duine.

## An Nollaig ar a' mBlascaod

Lá Nollag agus aimsir na Nollag, bhíodh comórtas báire ar siúl agus an baile go léir ceangailte isteach insa chluiche báire sin. Camáin agus liathróid do bhíodh againn. Ar a' dTráigh Bháin a bhíodh an báire gan stoca ná bróg amach go muineál aon uair a théadh an liathróid 'on fharraige.

Ar feadh dhá lá déag na Nollag ní bhíodh sé i gcumas aon fhear san oileán an bhó a bhagairt chun cnoic le tinneas droma agus tinneas cnámh, cos dhubh aige beirt, fear eile ar leath-chois go cionn mí.

Ní mór na camáin a bhí ar a' dtráigh ná gur ó Pharóiste Fionntrá a thángadar, camáin aitinn go mbíodh cor cam iontu agus liathróid déanta de shnáithín stoca agus í fuaite le snáithín cnáibe. Is minic a bhuaileadh sí ins na rúitíní slataire fir agus bhíodh a chos ó úsáid an lá san aige.

Sliocht as "An tOileánach", le Tomás O Criomhthain.

## Oíche na Coda Móire: Oíche Chinn Bliana

Muna n-íosfá do dhóthain an oíche seo, ní bheadh do dhóthain agat i rith na bliana nua. Bhí na coinnle lasta sna fuinneoga an oíche seo leis.

Bhí nós ag baint le hOíche na Coda Móire. Théadh an líon tí go dtí an ndoras le bullóg 'ráin. Thógadh an t-athair an bhullóg, bhuaileadh i gcoinnibh ursan an dorais trí uair í agus na focail seo á rá aige:

Fógraím an gorta go Tír na dTurcach,
An sonas isteach is an donas amach
Anocht go bliain ó anocht
Is anocht féin,
In ainm an Athar agus an Mhic
Agus an Spioraid Naoimh.

D'ith an t-athair greim den mbullóig ansan agus thug don gcéad duine eile í agus leanadar orthu go raibh greim ite acu ar fad. Níl an nós so ró-choitianta anois, más ann in ao'chor do. D'éirigh daoine as mar go raibh ana-leisce orthu aon ghorta a dh'fhógairt ar mhuintir na Tuirce ná ar éinne eile, ach chomh beag. Deirtear go mbíonn faid coiscéim coiligh tagaithe ar an lá, ar an gcéad lá de Mhí Eanair.

### Ceisteanna

1. Cad is ainm don gcéad lá den mbliain?
2. Cad é an t-amhrán a chanann daoine Oíche na Coda Móire?
3. Cad is brí le "Oíche na Coda Móire," an doigh leat?
4. Cad is brí le "Oíche Chinn Bliana?"
5. Cad í an fhaid a bhíonn tagaithe ar an lá ag deireadh na bliana.

**Bliain an duine dhíomhaoin**

An Nollaig in aghaidh na ráithe,
Is an Cháisc in aghaidh na seachtaine.
An Domhnach gach re lá
Is lá saoire eatarthu.

# Nollaig na mBan — An Nollaig Bheag

'Sé an séú lá de Mhí Eanair, Nollaig na mBan. Tugtar Oíche na dTrí Ríthe ar an oíche roimis an séú lá.

"Oíche na dTrí Ríthe,
An oíche a dhéanann fíon den uisce."

Lastar trí cinn de choinnle sa bhfuinneoig an oíche seo in onóir na dTrí Ríthe. Deirtear gur sa Daingean a thosnaigh an nós so agus go dtáinig sé go dtí an gceantar ar an dtaobh thoir agus thiar den nDaingean de réir a chéile.

Deirtear go ndéantar fíon den uisce ag uair a' mheáin oíche, an oíche sin.

Bhí feirmeoir i gCill Mhic a' Domhnaigh uair is luigh sé féin is an buachaill aimsire leis an iasc garbh is leis a' bpuirseach, Oíche na dTrí Ríthe.

Nuair a bhíodar a' dul a chodladh, thug an buachaill aimsire crúsca, go raghadh galún uisce ann, isteach 'on tseomra leis, chun ná beadh air éirí i lár na hoíche ach a lámh a leagaint air.

Ní raibh ach an chéad chodladh déanta aige nuair a dh'fháisc an tart air. Do chuir sé a lámh go dtí an gcrúsca go raibh an t-uisce ann agus scaoil siar cúpla bolgam do. Blas an fhíona a fuair sé air. Bhain sé sruth deoch eile as agus má bhain, bhí an t-uisce 'na fhíon. Do labhair sé os íseal le fear a' tí a bhí sa leaba in aice leis.

"Bhfuil tú id' chodladh, a Thomáis nó bhfuil aon tart ort? Má tá fliuch do chroí le tabharthas Dé atá sa chrúsca so."

"Sín i leith chugam é," arsa fear a' tí. "Bhí an colmóir goirt."

Do shín, agus má shín do bhain deoch as, is dhá dheoch.

"Ara, a Sheáin, cá bhfuairis an fíon? Cheapas gur fíor uisce a chuiris san áras san is tú ag teacht a' chodladh!" a dúirt fear a' tí. "Is i bhfeabhas atá an Nollaig a' dul orainn."

"Go deimhin a fhir a' tí, is fíor uisce do chuireas sa chrúsca agus mé a' teacht a chodladh, ach tá sé 'na fhíon dearg," arsa 'n buachaill aimsire.

Dh'ól an bheirt a raibh sa chrúsca agus ní dhéan sé aon díobháil dóibh mar bhí an gortamas san iasc.

Oíche na dTrí Ríthe ab ea í agus deirtear go bhfuil sé de bhua ag an oíche sin, ag am áirithe den oíche go mbíonn gach fíor uisce 'na fhíon. Ach is deacair teacht anuas i gceart ar an am san.

*— Ón mBéaloideas*

## Ceisteanna

1. Cad is ainm don lá saoire eaglaise a bhíonn ann ar an séú lá de Mhí Eanair?
2. Ainmnigh na Trí Ríthe.
3. Cad iad na féiríní a thugadar go dtí an Leanbh Íosa ?
4. Cad í an fhaid a bhíonn imithe ar an lá ar Nollaig na mBan?
5. Cad 'na thaobh go lastar coinnle Oíche na Ríthe?
6. Cad é an bua atá ag an oíche?
7. Cad a chuir tart ar a' bhfeirmeoir agus ar a' mbuachaill aimsire?
8. Cad 'na thaobh go raibh an colmóir goirt?
9. Cad é uair a' mheáin oíche?
10. Ní bhíonn fíor uisce sa bhfarraige ach -.

## Obair le déanamh.

Aiste: Mar a chaitheas an Nollaig.